Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2026
(OR. en)

**8931/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0060 (NLE)**

**RECH 207
RELEX 601**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8120/26 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6868/26 |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás) an 28 agus an 29 Bealtaine 2026*<br>Moladh ón gComhairle maidir le creat de chuid an Aontais Eorpaigh um thaidhleoireacht eolaíochta<br>– Glacadh |

1. An 4 Márta 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le creat de chuid an Aontais Eorpaigh um thaidhleoireacht eolaíochta[1].

2. Is freagra é an togra ar iarraidh ón gComhairle ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí Clár Oibre Eorpach um thaidhleoireacht eolaíochta a fhorbairt[2].

3. Tar éis don Choimisiún cur i láthair a dhéanamh an 4 Márta 2026, scrúdaigh an Mheitheal um Thaighde an togra le haghaidh Moladh ón gComhairle ag na cruinnithe a bhí aici an 25 Márta agus an 4 Bealtaine 2026. Ar bhonn ionchur na dtoscaireachtaí, tíolacadh dhá théacs comhréitigh ón Uachtaránacht lena bplé.

[1] 6868/26.
[2] 12301/21.

4. Tháinig an Mheitheal um Thaighde ar chomhaontú maidir leis an dréacht-téacs deiridh tar éis nós imeachta neamhfhoirmiúil an tosta a tugadh i gcrích an 7 Bealtaine 2026.

5. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) an comhaontú ar thángthas air ar an leibhéal teicniúil maidir le téacs an dréachtmholta ón gComhairle maidir le creat de chuid an Aontais Eorpaigh um thaidhleoireacht eolaíochta, mar a leagtar amach é san aguisín a ghabhann leis an nóta seo (8931/26 ADD 1), a dhearbhú,

agus

(b) a mholadh don Chomhairle (Iomaíochas/Taighde) an Moladh ón gComhairle maidir le creat de chuid an Aontais Eorpaigh um thaidhleoireacht eolaíochta, mar a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an nóta seo (8931/26 ADD 1), a ghlacadh ag an seisiún a bheidh aici an 29 Bealtaine 2026, d'fhonn é a fhoilsiú ina dhiaidh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.